Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí
Office of the Director of Public Prosecutions

# Leabhrán Faisnéise d'Iarrthóirí

*Léigh go cúramach*

## Taighdeoir Dlí

in

## Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí

Tá Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí tiomanta do bheartas comhdheiseanna.

Déanfaidh Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí an comórtas seo a reáchtáil i gcomhréir leis an gCód Cleachtais um Cheapacháin do Phoist sa Státseirbhís agus sa tSeirbhís Phoiblí arna fhoilsiú ag an gCoimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí (CPSA).

**Tá na cóid chleachtais foilsithe ag an CPSA agus tá siad ar fáil ag www.cpsa.ie**

**Sprioc-am agus spriocdháta: 3:30in Déardaoin 5 Meán Fómhair 2019**

DÉAN TEAGMHÁIL LE: HR.mailbox@dppireland.ie

**Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí**

**Bóthar na hOtharlainne, Baile Átha Cliath 7**

**www.dppireland.ie**

## Clár Ábhar

Clár Ábhar ........ 2

Cúlra ........ 3

An Ról ........ 3

Bunriachtanais ........ 4

Eolas, Scileanna agus Taithí Inmhianaithe ........ 4

An Cháilitheacht Chun Dul in Iomaíocht agus Srianta Áirithe ar Cháilitheacht. ........ 5

Príomhchoinníollacha Seirbhíse - Taighdeoir Dlí ........ 6

Rúndacht agus Caighdeáin Iompair ........ 8

Próiseas an Chomórtais ........ 10

Dáta Deiridh ........ 10

Modh an Roghnúcháin ........ 10

Cearta Iarrthóirí ........ 12

Oibleagáidí na Niarrthóirí ........ 13

Na Hachtanna um Chosaint Sonraí ........ 13

# Poist mar Thaighdeoirí Dlí

# in Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí

Ó am go ham d'fhéadfadh taighdeoirí dlí a bheith ag teastáil ó Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí chun poist a líonadh san Oifig. D'fhéadfadh na folúntais sin a bheith ina bhfolúntais bhuana nó shealadacha. Tá sé de rún ag an Oifig painéal a dhréachtú a bheidh bailí le haghaidh thréimhse 18 mí agus déanfaidh sí daoine a tharraingt as an bpainéal sin de réir mar is gá.

## Cúlra

Bunaíodh Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí leis an Acht um Ionchúiseamh i gCionta, 1974. Tá an Stiúrthóir neamhspleách maidir le feidhmiú na bhfeidhmeanna dá cuid.

Forfheidhmíonn an Stiúrthóir an dlí sna cúirteanna ar son Mhuintir na hÉireann, stiúrann agus déanann sí maoirseacht ar ionchúisimh phoiblí ar díotáil sna cúirteanna agus tugann sí treoir ghinearálta agus comhairle don Gharda Síochána maidir le cásanna achoimre mar aon le treoir shainiúil ina leithéid de chásanna nuair a iarrtar sin.

Tá trí rannóg dlí in Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí.

1. Tá an **Rannóg Stiúrtha** freagrach as stiúradh foriomlán imeachtaí coiriúla tromchúiseacha. Áirítear leis sin an cinneadh a dhéanamh maidir le cé acu ar cheart nó nár cheart duine a ionchúiseamh agus an cion atá i gceist, aon chinneadh a dhéanamh maidir le himeachtaí a tharraingt siar nó chun pléadálacha a ghlacadh maidir le cionta nach bhfuil chomh tromchúiseach, agus achomhairc a thionscnamh maidir le pointí dlí nó athbhreithnithe a iarraidh ar bhreitheanna ró-bhoga.
2. Tá **Rannóg na nDlíodóirí** freagrach as an tseirbhís dlíodóirí a sholáthar i mBaile Átha Cliath don Stiúrthóir. Áirítear leis sin ullmhú ginearálta cásanna indíotáilte, lena n-áirítear leabhair na fianaise a ullmhú, abhcóidí a threorú agus freastal orthu ag an éisteacht, ionchúisimh achoimre a fheidhmiú agus cásanna Athbhreithnithe Bhreithiúnaigh uile a fheidhmiú ar son an Stiúrthóra.
3. Tá an **Rannóg Um Thacaíocht Ionchúisimh** freagrach as straitéisí bainistíochta eolais, as freagairtí beartais a fhorbairt ar raon de shaincheisteanna a eascraíonn ar bhonn náisiúnta agus idirnáisiúnta, freagairtí a cheapadh de réir mar is gá ar reachtaíocht náisiúnta agus AE, deimhin a dhéanamh de go gcuirtear cearta íospartach chun feidhme a eascraíonn ó Threoir ón AE um Íospartaigh agus ó reachtaíocht náisiúnta agus as obair atá ina toradh ar chomhar idirnáisiúnta agus ar chabhair fhrithpháirteach in ionchúisimh.

## An Ról

Faoi mhaoirseacht Cheann an Aonaid um Beartas & Taighde Ionchúisimh, tabharfaidh an Taighdeoir Dlí faoi thionscadail taighde chun tacú le hIonchúisitheoirí a gcuid dualgas a chur i gcrích. Dá réir sin, cuirfear de chúram ar an Taighdeoir Dlí freagairtí a sholáthar ar iarratais um thaighde dlí agus éileofar air/uirthi cuidiú

le doiciméid beartais ionchúisimh a ullmhú. D'fhéadfadh a leithéid de thaighde a bheith ag baint le treorú ionchúiseamh, réimsí nós imeachta choiriúil agus pointí dlí a eascraíonn ó ionchúisimh choiriúla leanúnacha.

Seo a leanas príomhdhualgais an Taighdeora Dlí:

- Seirbhís taighde dlí éifeachtúil, chruinn agus ardchaighdeáin a sholáthar don fhoireann dlí.
- Cumarsáid éifeachtach a dhéanamh le páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha araon.
- Páipéir um thaighde dlí a ullmhú mar fhreagairt ar fhiosrúcháin ó Ionchúisitheoirí.
- Torthaí taighde a tháirgeadh a bheidh dea-scríofa, gonta agus soléite.
- Páirt a ghlacadh i dtionscnaimh bainistíochta eolais agus tacaíocht a sholáthar ina leith, ag cuidiú le doiciméid um beartais ionchúisimh a fhorbairt agus idirchaidreamh a dhéanamh le grúpaí agus le coistí eile, de réir mar is iomchuí.
- Profáil agus tuairimí reachtacha a sholáthar ar dhréacht-reachtaíocht a bhaineann le hOifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí.

Dualgais ar bith eile a shannfaí ó am go ham, mar atá ábhartha don phost seo.

## Bunriachtanais

Ní foláir, amhail an 5 Meán Fómhair 2019 nó roimhe sin, go bhfuil na nithe a leanas ag iarrthóirí:

1. Céim onóracha (leibhéal 8 ar a laghad ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí) sa Dlí ***nó*** céim onóracha i ndisciplín eile móide cáilíocht iarchéime sa Dlí; ***agus***
2. Taithí shoiléir ar thaighde agus ar anailís dlí an-leathan a dhéanamh arna gnóthú trí staidéir iarchéime ábhartha nó trí thaighde dlí agus anailís a dhéanamh i gcomhthéacs fostaíochta/intéirneachta.

## Eolas, Scileanna agus Taithí Inmhianaithe

- Taithí phraiticiúil ar thaighde dlí a dhéanamh i réimse an dlí choiriúil.
- Céim Mháistir (ar leibhéal 9 ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí) sa Dlí.
- Cáilíocht dhlíthiúil ghairmiúil ábhartha atá aitheanta.
- Eolas ar nós imeachta coiriúil agus ar chóras na gcúirteanna.
- Spéis i ngairmréim in ionchúiseamh coiriúil.

Sa bhreis air sin, bheadh sé ina bhuntáiste dá mbeadh na nithe a leanas ag iarrthóirí a bhfuil siad in ann iad a thaispeáint:

- Eolas fairsing de réimse leathan ar dhlí na hÉireann agus ar Chóras Dlí na hÉireann.
- Eolas an-mhaith ar Dhlí AE agus ar Dhlí na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine (ECHR).
- Scileanna teicneolaíochta faisnéise láidre agus taithí ar raon leathan d'acmhainní, de bhunachair shonraí agus d'uirlisí taighde ábhartha um fhaisnéis dhlí a úsáid.

- Scileanna agus teicnící anailíseacha agus meastóireachta.
- Mionchruinneas láidir maidir le hobair.
- An cumas taighde/faisnéis a scríobh agus a chur i láthair ar bhealach achomair agus sothuigthe agus i ngnáth-Bhéarla.
- An cumas tascanna a phleanáil, a chur in ord tosaíochta agus a mhonatóiriú ar bhealach córasach agus eagraithe d'fhonn obair a sheachadadh i gcoinne sprioc-amanna dochta agus ar ard-chaighdeán.
- Scileanna idirphearsanta, cumarsáide agus oibre foirne láidre.
- An cumas torthaí a sheachadadh/éifeachtacht phearsanta.

## An cháilitheacht chun dul in iomaíocht agus srianta áirithe ar cháilitheacht.

Ba cheart d'iarrthóirí a thabhairt faoi deara go bhfuil an cháilitheacht chun dul in iomaíocht oscailte do shaoránaigh an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch. Cuimsítear leis an LEE Ballstáit den Aontas Eorpach mar aon leis an Íoslainn, Lichtinstéin agus an Iorua. Is féidir le saoránaigh na hEilvéise faoi chomhaontuithe AE iarratas a chur isteach freisin. **Le bheith cáilithe ní mór d'iarrthóirí a bheith ina saoránaigh den LEE faoi dháta aon tairisceana poist.**

### Comhaontú Comhchoiteann: Íocaíochtaí Iomarcaíochta le Fostaithe sa tSeirbhís Phoiblí

Leis an litir ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe dar dáta an 28 Meitheamh 2012 chuig Oifigigh Pearsanra tugadh isteach Comhaontú Comhchoiteann, le héifeacht ón 1 Meitheamh 2012, a bhí comhaontaithe idir an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus Coiste Seirbhísí Poiblí Chomhdháil na gCeardchumann (ICTU) maidir le hÍocaíochtaí Iomarcaíochta ex-gratia le Fostaithe sa tSeirbhís Phoiblí. Is coinníoll é den Chomhaontú Comhchoiteann nach mbeidh daoine a bhaineann leas as an gcomhaontú cáilithe le haghaidh athfhostaithe sa tSeirbhís Phoiblí ag aon chomhlacht den tSeirbhís Phoiblí (de réir mar atá sainithe ag na hAchtanna um Beartais Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail 2009 – 2011) le haghaidh thréimhse 2 bhliain ó fhoirceannadh na fostaíochta. Beidh ar dhaoine a bhain leas as an scéim sin agus a d'fhéadfadh a bheith rathúil sa chomórtas seo a gcáilitheacht a chruthú (dul in éag thréimhse na neamh-cháilitheachta).

### An Scéim Dhreasaithe um Luathscor (ISER):

Is coinníoll é den Scéim Dhreasaithe um Luathscor (ISER) de réir mar atá leagtha amach in Imlitir 12/09 ón Roinn Airgeadais nach bhfuil daoine ar scor cáilithe, faoin Scéim sin, cur isteach ar phost eile san fhostaíocht chéanna nó san earnáil chéanna. Dá bhrí sin, ní féidir le daoine ar scor dá leithéid cur isteach ar an bpost seo.

### Imlitir ón Roinn Sláinte agus Leanaí (7/2010):

Le hImlitir 7/2010 ón Roinn Sláinte dár dáta an 1 Samhain 2010 tugadh isteach Scéim Sprioctha um Luathscor Deonach (VER) agus Scéimeanna um Luathscor Deonach (VRS). Is coinníoll é den scéim VER nach mbeidh daoine a bhaineann leas as an scéim cáilithe le haghaidh athfhostaithe in earnáil na sláinte poiblí nó sa tSeirbhís Phoiblí níos leithne nó i gcomhlacht atá maoinithe ina iomláine nó go príomhúil ó chistí poiblí. Tá an toirmeasc céanna ar athfhostú infheidhme faoin scéim VRS, ach maireann an toirmeasc 7 mbliana. Níl daoine a bhain leas as an scéim VER cáilithe chun dul in iomaíocht sa chomórtas seo. Beidh ar dhaoine a

bhain leas as an scéim VRS agus a d'fhéadfadh a bheith rathúil sa chomórtas seo a gcáilitheacht a chruthú (dul in éag thréimhse na neamh-cháilitheachta).

### An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil (Imlitir LG(P) 06/2013)

Le hImlitir LG(P) 06/2013 ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil tugadh isteach Scéim um Luathscor Deonach d'Údaráis Áitiúla. I gcomhréir le téarmaí an *Chomhaontaithe Chomhchoitinn: Íocaíochtaí Iomarcaíochta le Fostaithe sa tSeirbhís Phoiblí* dar dáta an 28 Meitheamh 2012 mar atá sonraithe thuas, is coinníoll sainiúil é den Scéim VER sin nach mbeidh daoine cáilithe le haghaidh athfhostaithe in aon Chomhlacht na Seirbhíse Poiblí [de réir mar atá sainithe ag na hAchtanna um Beartais Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail 2009 – 2011 agus ag an Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012] le haghaidh thréimhse 2 bhliain ó dháta a n-imeachta faoin Scéim sin. Tá na coinníollacha sin infheidhme freisin i gcás rannpháirtíochta/fostaíochta ar bhonn conradh le haghaidh seirbhísí (mar chonraitheoir nó mar fhostaí conraitheora).

### Dearbhú:

Beidh ar iarratasóirí dearbhú a dhéanamh cé acu ar bhain nó nár bhain siad leas as scéim na Seirbhíse Poiblí um luathscor dreasaithe. Beidh ar iarratasóirí freisin aon teidlíochtaí a admháil maidir le sochar pinsin na Seirbhíse Poiblí (atá á íoc nó atá reoite) ó fhostaíocht ar bith eile sa tSeirbhís Phoiblí nó nuair a fuair siad íocaíocht in ionad maidir le seirbhís i bhfostaíocht ar bith na Seirbhíse Poiblí.

## Príomhchoinníollacha Seirbhíse - Taighdeoir Dlí

### Ginearálta

Tá an ceapachán faoi réir ag Achtanna Rialaithe na Státseirbhíse 1956 go 2005, ag an Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin) 2004 agus ag aon Acht eile atá i bhfeidhm faoi láthair a bhaineann leis an Státseirbhíse.

### Pá.

Seo a leanas an tuarastal don phost le héifeacht ón 1 Deireadh Fómhair 2018:

### Scála Pá um Ranníocaíocht Pinsin Phearsanta (PPC)

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| €30,987 | €33,387 | €33,987 | €36,983 | €39,988 | €42,995 |
| €46,002 | €47,858 | €49,710 | €51,573 | €53,425 | €55,282 |
| €57,139 | €58,992 | €60,856 | €62,921 | €64,981 | |
| | | *NMAX* | *LSI1* | *LSI2* | |

Beidh an ráta sin infheidhme nuair is státseirbhíseach nó fostaí sa tseirbhís phoiblí an ceapaí a ceapadh an 6 Aibreán 1995 nó tar éis sin agus nuair a éilítear air/uirthi ranníocaíocht le pinsean pearsanta a íoc.

Beidh ráta éagsúil infheidhme nuair is státseirbhíseach nó fostaí sa tseirbhís phoiblí an ceapaí a earcaíodh roimh an 6 Aibreán 1995 agus nuair **nach n-éilítear** air/uirthi Ranníocaíocht le Pinsean Pearsanta a íoc.

D'fhéadfadh incrimintí fadseirbhíse a bheith iníoctha tar éis 3 bliana (LSI1) agus 6 bliana (LSI2) de sheirbhís shásúil ag uasmhéid an scála.

**Nóta Tábhachtach**

Beidh iontráil ar leibhéal íosmhéid an scála agus ní bheidh ráta an luacha saothair faoi réir ag idirbheartaíocht agus d'fhéadfaí é a choigeartú ó am go ham ar aon dul le beartas pá an Rialtais. D'fhéadfadh téarmaí agus coinníollacha éagsúla a bheith infheidhme más státseirbhíseach nó fostaí sa tseirbhís phoiblí faoi láthair thú. D'fhéadfadh incrimintí a bheith iníoctha ar aon dul le Beartas reatha an Rialtais faoi réir ag feidhmíocht shásúil.

Comhaontóidh tú go ndéanfaidh tú aon ró-íocaíocht tuarastail, liúntas, nó speansas a aisíoc i gcomhréir le hImltir 07/2018: Aisghabháil Ró-íocaíochtaí Tuarastail, Liúntas, agus Speansas arna n-íoc le Baill Foirne/Iar-bhaill Foirne/Pinsinéirí.

**Tréimhse Oifige**

Déanfar ceapachán ar phoist bhunaithe ar chonarthaí promhaidh sa Státseirbhís. Mairfidh an conradh promhaidh tréimhse bliana amháin ó dháta an cheapacháin.

D'fhéadfaí poist shealadacha a líonadh ón gcomórtas seo.

**Dualgais**

Éileofar ar an oifigeach aon dualgais a chomhlíonadh atá iomchuí don phost a shannfar ó am go ham. Níl cead ag an oifigeach dul i mbun cleachtadh príobháideach nó baint a bheith aige/aici le haon ghnó seachtrach a chuirfeadh isteach ar fheidhmíocht na ndualgas oifigiúla nó a bheadh i gcoinbhleacht ar dhóigh ar bith leis an bpost ar a bhfuil an t-iarrthóir ceaptha.

**Ceanncheathrú**

Is iad ceanncheathrú an oifigigh a bheidh ann aon cheanncheathrú a bhféadfadh Ceann na hOifige iad a shannadh ó am go ham. Nuair a bheidh sé/sí imithe ón mbaile agus ón gceanncheathrú ar dualgas íocfar costais taistil agus liúntais chothaithe iomchuí, faoi réir ag gnáth-rialúcháin na státseirbhíse.

**Uaireanta Tinrimh**

Déanfar uaireanta tinrimh a shocrú ó am go ham ach ní bheidh níos lú ná 43 huaire agus 15 nóiméad san áireamh leo ar an iomlán in aghaidh na seachtaine.

**Saoire Bhliantúil**

Beidh 25 lá san áireamh le lamháltas na saoire bliantúla, agus méadófar sin go 29 lá tar éis 5 bliana de sheirbhís agus suas go 30 lá tar éis 10 mbliana de sheirbhís. Tá an lamháltas sin, atá faoi réir ag gnáthchoinníollacha maidir le deonú saoire bliantúla, bunaithe ar sheachtain chúig lá agus níl na saoirí poiblí gnáthúla san áireamh leis.

**Saoire Bhreoiteachta**

Beidh pá le linn saoire breoiteachta arna deimhniú go ceart, ar an gcoinníoll nach bhfuil aon fhianaise ann ar éagumas buan le haghaidh seirbhíse, infheidhme ar bhonn pro rata, i gcomhréir le forálacha na n-imlitreacha um shaoire bhreoiteachta.

Éileofar ar oifigigh a bheidh ag íoc ráta Aicme A ÁSPC údarú a shíniú lena dtabharfar údarú don Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí aon sochair a íoc atá dlite faoi na hAchtanna um Leas Sóisialta

go díreach leis an Roinn/Eagraíocht is fostóir. Beidh íocaíocht le linn breoiteachta ag brath ar na héilimh riachtanacha a bheith déanta ag an oifigeach ar shochair árachais shóisialta chuig an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí laistigh de na teorainneacha ama riachtanacha.

## Rúndacht agus Caighdeáin Iompair

### Rúndacht agus Macántacht Oifigiúil

Le linn théarma an chonartha phromhaidh, beidh oifigeach faoi réir ag forálacha an Achta um Rúin Oifigiúla, 1963, arna leasú ag na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise 1997 agus 2003. Comhaontóidh an t-oifigeach gan aon fhaisnéis rúnda a nochtadh do thríú páirtithe le linn na tréimhse fostaíochta nó tar éis sin.

### Cód na Státseirbhíse um Chaighdeáin agus Iompar

Beidh an t-oifigeach faoi réir ag Cód na Státseirbhíse um Chaighdeáin agus Iompar.

### Na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí

Beidh na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí infheidhme, nuair is iomchuí, leis an bhfostaíocht seo.

### Faomhadh roimh ré um fhoilseacháin

Comhaontóidh oifigeach gan ábhar a fhoilsiú a bhaineann lena c(h)uid dualgas oifigiúil gan fhaomhadh roimh ré ó Cheann na hOifige/na Roinne.

### Gníomhaíocht Pholaitiúil

Le linn théarma na fostaíochta, beidh an t-oifigeach faoi réir ag na rialacha lena rialaítear státseirbhísigh agus polaitíocht.

### Aoisliúntas agus Scor

Déanfar na téarmaí agus coinníollacha aoisliúntais iomchuí a thairiscint don iarrthóir rathúil atá i réim sa Státseirbhís nuair a thairgtear an ceapachán dó/di. Go ginearálta, déanfar ceapachán do cheapaí nár oibrigh riamh sa tSeirbhís Phoiblí bunaithe ar bhallraíocht i Scéim Pinsin Aonair na Seirbhíse Poiblí ("An Scéim Aonair"). Tá sonraí iomlána na scéime ar fáil ag www.singlepensionscheme.gov.ie

Nuair a d'oibrigh an ceapaí i bpost inphinsin (nach mbaineann téarmaí na Scéime Aonair leis) sa tseirbhís phoiblí sna 26 seachtaine roimh an gceapachán nó nuair atá an ceapaí ar shos gairme nó ar shaoire speisialta faoi láthair le pá nó gan phá d'fhéadfadh téarmaí éagsúla a bheith infheidhme. Socrófar teidlíocht a leithéid de cheapaithe maidir le pinsean i gcomhthéacs stair a bhfostaíochta sa tseirbhís phoiblí.

Seo a leanas na príomhfhorálacha a bhaineann le ballraíocht sa scéim Aonair:

- Aois Inphinsin: Is í an aois íosta ag a bhfuil pinsean iníoctha 66 (ag ardú go 67 in 2021 agus go 68 in 2028 ar aon dul le hathruithe ar aois an Phinsin Stáit).
- Aois Scoir: Ní mór do bhaill na scéime dul ar scor nuair a bhaineann siad 70 bliain d'aois amach.
- Baintear úsáid as meántuilleamh gairmréime chun sochair a ríomh (fabhraítear pinsean agus méid cnapshuime gach bliain agus déantar a rátaí a ardú gach bliain trí thagairt don CPI [praghasinnéacs tomhaltóirí]).

- Tá méaduithe ar phinsin iarscoir nasctha don CPI.

## Laghdú Pinsin

Má bhí an ceapaí fostaithe sa Státseirbhís nó sa tSeirbhís Phoiblí roimhe sin agus má tá pinsean á fháil aige/aici ón Státseirbhís nó ón tSeirbhís Phoiblí nó má chuirtear tús le híoc pinsin ón Státseirbhís nó ón tSeirbhís Phoiblí le linn a t(h)réimhse athfhostaíochta beidh an pinsean sin **faoi réir ag laghdú** i gcomhréir le hAlt 52 den Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012. **Tabhair faoi deara: Trí iarratas a chur isteach ar an bpost seo admhaíonn tú go dtuigeann tú go mbeidh na forálacha um laghdú pinsin infheidhme, nuair atá siad ábhartha. Níl sé réamh-mheasta go dtacóidh an Roinn/Oifig is fostóir le hiarratas ar tharscaoileadh an laghdaithe maidir le ceapacháin ar an bpost seo.**

Ach má bhí an ceapaí fostaithe roimhe sin sa Státseirbhís nó sa tSeirbhís Phoiblí, áfach, agus má dámhadh pinsean dó/di faoi shocruithe luathscoir dheonaigh (seachas an Scéim Dhreasaithe um Luathscor (ISER), Imlitir 7/2010 VER/VRS ón Roinn Sláinte, nó Imlitir LG(P) 06/2013 ón Roinn Comhshaoil, Pobail, agus Rialtais Áitiúil, a ndéantar duine neamhcháilithe don chomórtas faoi cheann ar bith acu) cuirfear deireadh leis an teidlíocht i leith an phinsin sin lé héifeacht ó dháta an athcheaptha. D'fhéadfaí socruithe speisialta a dhéanamh, áfach, chun seirbhís roimhe sin a thabhairt san áireamh arna tabhairt ag an gceapaí chun críocha aon dámhachtain aoisliúntais a bhféadfadh an ceapaí a bheith cáilithe ina leith.

## Imlitir 102/2007 ón Roinn Oideachais agus Scileanna maidir le Scéim um Luathscor do Mhúinteoirí

Thug an Roinn Oideachais agus Scileanna Scéim um Luathscor do Mhúinteoirí isteach. Is é coinníoll na Scéime Luathscoir, má ghlacann múinteoir le luathscor faoi Chodanna 1, 2 nó 3 den scéim sin, taobh amuigh de na cásanna atá leagtha amach i mír 10.2 agus mír 10.3 de dhoiciméid na n-imlitreacha ábhartha, agus má ghlacann sé/sí le fostaíocht ina dhiaidh sin i gcáil ar bith i réimse ar bith den earnáil phoiblí, cuirfear deireadh láithreach le híoc pinsin don duine sin faoin scéim. Cuirfear tús le híocaíochtaí pinsin arís, áfach, nuair a chríochnaíonn a leithéid d'fhostaíocht nó ar 60ú breithlá an duine, cibé acu is déanaí, ach nuair a chuirfear tús leis an bpinsean arís, beidh sé bunaithe ar sheirbhís ináirithe iarbhír an duine mar mhúinteoir (i.e. ní chuirfear na blianta breise arna ndeonú roimhe sin san áireamh maidir le ríomh na híocaíochta pinsin).

## Scor Drochshláinte

Tabhair faoi deara nuair a chuaigh duine ar scor ó chomhlacht na Státseirbhíse/na Seirbhíse Poiblí ar fhoras na drochshláinte d'fhéadfadh a p(h)insean ón bhfostaíocht sin a bheith faoi réir ag athbhreithniú i gcomhréir le rialacha um scor drochshláinte laistigh de scéim phinsin na fostaíochta sin.

## Fabhrú Pinsin

Beidh teorainn 40 bliain infheidhme ar sheirbhís iomlán ar féidir í a chur san áireamh chun pinsean a ríomh nuair a bhí duine ina b(h)all i scéim phinsin na seirbhíse poiblí a bhí ann cheana (i.e. scéim nach raibh ina Scéim Aonair) i gcomhréir le hAcht 2012. Déantar foráil don teorainn 40 bliain sin san Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012. D'fhéadfadh impleachtaí a bheith ag baint leis sin do cheapaí ar bith a fuair cearta pinsin i bhfostaíocht roimhe sin sa tseirbhís phoiblí.

### Ranníocaíocht Bhreise le hAoisliúntas

Tá an ceapachán seo faoi réir ag Ranníocaíocht Bhreise le hAoisliúntas (ASC) i gcomhréir leis an Acht um Pá agus Pinsin Seirbhíse Poiblí 2017.

Le haghaidh tuilleadh faisnéise a fháil faoi Scéim Phinsin Aonair na Seirbhíse Poiblí féach an láithreán gréasáin a leanas: www.singlepensionscheme.gov.ie

**Is ionann an méid thuas agus príomhchoinníollacha seirbhíse agus níl sé beartaithe le bheith ina liosta cuimsitheach de théarmaí agus coinníollacha uile na fostaíochta a leagfar amach sa chonradh fostaíochta a chomhaontófar leis an iarrthóir.**

## PRÓISEAS AN CHOMÓRTAIS

### Conas Iarratas a Chur Isteach

Ba cheart iarratais a chur isteach le ríomhphost chuig **HR.Mailbox@dppireland.ie** Ní mór gach cuid den fhoirm a chomhlánú ina hiomláine.

Ní ghlacfar le foirmeacha iarratais tar éis an dáta dheiridh.

## Dáta Deiridh

**Ní mór d'iarratas a chur isteach le ríomhphost chuig HR.Mailbox@dppireland.ie**tráth nach déanaí ná **3:30in, an 5 Meán Fómhair 2019**. Mura bhfaigheann tú admháil go bhfuarthas d'iarratas laistigh de 24 huaire ón iarratas a chur isteach, déan teagmháil le: An tAonad Acmhainní Daonna & Oiliúna ag (01) 858 8531 nó (01) 858 8549 nó (01) 858 8607.

**Is dócha go reáchtálfar agallaimh le haghaidh na bpost seo i Mí Dheireadh Fómhair 2019**

Tá an dualgas ar gach iarratasóir chun a áirithiú go bhfaigheann sé/sí gach cumarsáid ó Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí.

Ní ghlacann Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí le freagracht ar bith as cumarsáid nach ndéanann iarratasóir í a rochtain nó a fháil.

Ba cheart go mbeadh iarrthóirí ar fáil ar an dáta(na dátaí) atá sonraithe ag Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí agus ba cheart dóibh a áirithiú go bhfuil na sonraí teagmhála ar an bhfoirm iarratais ceart.

## Modh an Roghnúcháin

D'fhéadfadh na nithe a leanas a bheith san áireamh leis an roghnúchán:

- iarrthóirí a ghearrliostú ar bhonn na faisnéise atá ina bhfoirm iarratais
- iarrfar ar iarrthóirí gearrliostaithe sampla dá scríbhinn nach mbeidh níos mó ná 1,500 focal a chur isteach (agus aon fhonótaí san áireamh) chun freagairt ar an bhfiosrúchán a leanas:

*“Na dóigheanna inar féidir gearán a dhéanamh sa Chúirt Dúiche d’fhonn imeachtaí coiriúla a thionscnamh lena n-áireofar na forálacha ábhartha i rialacha reachtacha agus na gcúirteanna agus aon chásdlí lena soiléirítear nósanna imeachta”*

- Tugtar cuireadh chuig agallamh iomaíoch do na hiarrthóirí sin a bhaineann 70% ar a laghad de na marcanna amach atá ar fáil le haghaidh an tsampla scríbhinne.
- Aon tástálacha nó cleachtaí eile a mheastar iomchuí.

## Gearrliostú

De ghnáth sáraíonn líon na n-iarratas a fhaightear le haghaidh poist an líon a theastaíonn chun folúntais reatha agus amach anseo sa phost a líonadh. Cé go bhféadfadh iarrthóir critéir cháilitheachta an chomórtais a chomhlíonadh, mura mbeadh sé praiticiúil de bharr líon na ndaoine atá ag cur isteach ar phost chun gach duine a agallamh, d’fhéadfadh Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí a shocrú gan ach líon áirithe a ghlaoch chuig agallamh. Maidir leis sin, déanann Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí foráil d’úsáid próisis ghearrliostaithe chun grúpa a roghnú le haghaidh agallaimh a bhfuil an cuma orthu, bunaithe ar scrúdú na bhfoirmeacha iarratais, gurbh iadsan na daoine is oiriúnaí don phost. Déanfaidh bord saineolaithe na foirmeacha iarratais a scrúdú i gcoinne critéir réamhshocraithe bunaithe ar riachtanais an phoist. Níltear ag tabhairt le fios leis sin go bhfuil iarrthóirí eile neamhoiriúnach de riachtanas nó nach bhfuil siad in ann tabhairt faoin bpost, ach ina ionad sin go bhfuil iarrthóirí áirithe ann a bhfuil an cuma orthu, bunaithe ar a n-iarratas, go bhfuil siad cáilithe ar bhonn níos fearr nó go bhfuil taithí níos mó acu nó an dá rud araon. **Dá bhrí sin, is chun do leasa féin é chun cuntas mionsonraithe agus cruinn a sholáthar ar do chuid cáilíochtaí/taithí ar an bhfoirm iarratais.**

## Poist atá ar Fáil

Faoi láthair tá folúntas ann le haghaidh post buan mar Thaighdeoir Dlí in Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí. Cuirfear painéal le chéile tar éis an chomórtais seo óna bhféadfaí aon fholúntais mar Thaighdeoir Dlí a tharlaíonn laistigh de thréimhse 18 mí ó chur le chéile an phainéil a líonadh. Ní bhreithneofar iarrthóirí dá dtairgeadh post cheana féin (seachas post sealadach) ón gcomórtas seo le haghaidh folúntas amach anseo. Breithneofar iarrthóirí fós dá dtairgeadh post sealadach ón bhfeachtas seo maidir le poist bhuana amach anseo.

## Rúndacht

Faoi réir ag forálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise, 1997 agus 2003, caithfear le hiarratais faoi bhrí na mionn.

## Imréiteach Slándála agus Tagairtí

Iarrfar grinnfhiosrúchán ó phóilíní maidir le daoine a bhreithneofar le haghaidh ceapacháin. Éileofar ar an iarratasóir foirm Ghrinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána a chomhlánú agus a chur ar ais dá mbreithneofaí iad le haghaidh ceapacháin. Seolfar an fhoirm sin chuig an nGarda Síochána le haghaidh seiceálacha slándála maidir le gach seoladh i bPoblacht na hÉireann agus i dTuaisceart Éireann ag a raibh sé/sí ina c(h)ónaí. Mura n-éiríonn leis an iarratasóir déanfaidh Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí an fhaisnéis sin a scriosadh. Más é an cás go mbreithneofar an t-iarratasóir le haghaidh post eile ina dhiaidh sin, beidh air/uirthi an fhaisnéis sin a sholáthar arís.

Ní mór d'iarrthóirí a bheith in ann an obair a shanntar dóibh a dhéanamh, agus ní mór dóibh a bheith dea-charachtar. Lorgófar tagairtí dóibh siúd atá faoi bhreithniú le haghaidh poist.

### Faisnéis thábhachtach eile

Ní bheidh Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí freagrach as aon chostais a aisíoc a thabhaíonn iarrthóirí.

Ní thugtar le tuiscint, trí dhuine a ghlacadh isteach i gcomórtas, nó trí chuireadh a thabhairt chun sampla scríbhinne a sholáthar nó chun freastal ar agallamh, go bhfuil Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí sásta go gcomhlíonann a leithéid de dhuine ceanglais an chomórtais nó nach bhfuil sse/sí dícháilithe faoin dlí ón bpost a ghlacadh agus ní bhaineann aon ráthaíocht leis go mbreithneofar d'iarratas a thuilleadh. Tá sé tábhachtach, dá bhrí sin, go dtugann tú faoi deara go bhfuil an dualgas ortsa chun a áirithiú go gcomhlíonann tú na ceanglais cháilitheachta don chomórtas sula bhfreastalaíonn tú ar agallamh. Mura gcomhlíonann tú na ceanglais iontrála riachtanacha sin ach ina dhiaidh sin is uile freastalaíonn tú ar agallamh tabhóidh tú speansais neamhriachtanacha.

Roimh iarrthóir a cheapadh mar Thaighdeoir Dlí, déanfaidh Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí a leithéid d'fhiosrúcháin uile a mheastar riachtanach chun oiriúnacht an iarrthóra sin a chinneadh. Go dtí go ndéanfar gach céim den phróiseas earcaíochta a chríochnú ní féidir cinneadh deiridh a dhéanamh agus ní féidir a mheas nó a bhaint as ach oiread go ndearnadh a leithéid de chinneadh.

Dá ndéanfadh an duine a mholtar don cheapachán é a dhiúltú, nó tar éis dó/di é a ghlacadh, má éiríonn an duine as nó má thagann folúntas breise chun cinn d'fhéadfadh an Bord, faoina rogha féin, duine eile a roghnú agus a mholadh le haghaidh ceaptha ar thorthaí an phróisis roghnúcháin sin.

## Cearta Iarrthóirí

### Nósanna Imeachta Athbhreithnithe maidir leis an bPróiseas Roghnúcháin

Breithneoidh Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí iarratais ar athbhreithniú i gcomhréir le forálacha na gcód cleachtais arna bhfoilsiú ag an CPSA. Tá na Cóid Chleachtais ar fáil ar láithreán gréasáin an Choimisiúin um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí http://www.cpsa.ie/

Nuair a bhíonn iarrthóir míshásta le beart nó le cinneadh maidir le hiarratas, is féidir leis/léi athbhreithniú a iarraidh faoi Alt 7 den chód cleachtais.

- Ní mór don iarrthóir an imní atá air/uirthi faoin bpróiseas a chur in iúl i scríbhinn, agus an bunús le haghaidh an ghearáin á leagan amach, chuig an Oifigeach Pearsanra, Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí, ar an gcéad ásc. Ní mór gearán nó iarratas ar athbhreithniú a dhéanamh laistigh de 10 lá oibre ón bhfógra faoin gcinneadh tosaigh nó laistigh de 5 lá oibre ó thoradh chéim an athbhreithnithe neamhfhoirmiúil, má bhaintear leas as sin.
- Nuair a bhaineann an cinneadh atá á chur in iúl le céim eatramhach den phróiseas roghnúcháin, áfach, ní foláir nó go bhfaightear iarratas ar athbhreithniú laistigh de 4 lá oibre ó dháta fála an chinnidh nó laistigh de 2 lá oibre ó chinneadh a fháil faoin bpróiseas neamhfhoirmiúil; ní mór d'iarrthóirí a roghnaíonn chun leas a bhaint as an bpróiseas neamhfhoirmiúil sin a dhéanamh laistigh de 2 lá oibre ó chur in iúl an chinnidh dóibh.

- Ba cheart don athbhreithneoir tosaigh, agus an toradh á chur in iúl aige/aici don iarrthóir, rud a dhéanfar le tuarascáil i scríbhinn, a léiriú gur féidir leis an iarrthóir athbhreithniú breise a iarraidh tríd an t-ábhar a chur faoi bhráid an Eadránaí Cinntí agus nach mór iarratas chun sin a dhéanamh a dhéanamh laistigh de 7 lá oibre ó fháil thoradh an athbhreithnithe thosaigh.

Nuair a chreideann iarrthóir gur sháraigh gné den phróiseas cód cleachtais an CPSA, is féidir leis/léi a iarraidh go ndéantar é a imscrúdú faoi Alt 8 den chód ag an CPSA.

## Oibleagáidí na nIarrthóirí

Ba cheart d'iarrthóirí a thabhairt faoi deara go ndéanfar canbhasáil iad a dhícháiliú agus go ndéanfar iad a fhágáil amach as an bpróiseas mar thoradh uirthi.

Ní foláir nó nach ndéanann iarrthóirí na nithe leanas:

- faisnéis bhréagach a sholáthar d'aon ghnó nó gan smaoineamh
- aon duine a chanbhasáil le dreasachtaí nó gan iad
- cur isteach ar an bpróiseas nó é a chur i mbaol ar dhóigh ar bith
- Ní foláir nó nach ndéanann tríú páirtí iarrthóir a phearsanú ag céim ar bith den phróiseas.

Beidh aon duine a sháraíonn na forálacha thuas nó a chuidíonn le duine eile na forálacha thuas a shárú ciontach i gcion. Aon duine a fhaightear ciontach i gcion d'fhéadfaí fíneáil/príosúnacht a ghearradh air/uirthi.

Sa bhreis air sin, má bhí an duine a fuarthas ciontach i gcion ina a (h)iarrthóir ag próiseas earcaíochta, nó más iarrthóir fós é/í, ansin:

- nuair nach ndearnadh é/í a cheapadh ar phost, dícháileofar é/í mar iarrthóir; agus
- Nuair a rinneadh é/í a cheapadh tar éis an phróisis earcaíochta atá i gceist, déanfaidh sé/sí an ceapachán sin a ghéilleadh.

### Tarraingt siar iarrthóireachta a mheas

Maidir le hiarrthóirí nach bhfreastalaíonn ar agallamh nó ar thástáil eile ag an am agus ag an áit arna n-éileamh ag Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí, nó nach soláthraíonn a leithéid d'fhaisnéis, nuair is gá, a theastaíonn ó Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí maidir le hábhar atá ábhartha dá (h)iarrthóireacht, ní bheidh aon cheart eile acu ar bhreithniú.

### Aiseolas

Soláthrófar aiseolas ach iarratas i scríbhinn a chur isteach.

## Na hAchtanna um Chosaint Sonraí

Nuair a fhaightear d'fhoirm iarratais, cruthaímid taifead i d'ainm féin, ina mbíonn go leor den fhaisnéis phearsanta atá curtha ar fáil agat. Ní bhaintear úsáid as an taifead pearsanta sin ach amháin chun d'iarrthóireacht a phróiseáil. Tá a leithéid d'fhaisnéis a choimeádtar faoi réir ag cearta agus dualgais atá

leagtha amach sna hAchtanna um Chosaint Sonraí  Chun iarratas a dhéanamh faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí, cuir d'iarratas i scríbhinn isteach chuig:  **An Comhordaitheoir um Chosaint Sonraí, Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí, Bóthar na hOtharlainne, Baile Átha Cliath 7,** ag cinntiú go gcuireann tú síos ar na taifid arna n-iarraidh agat chomh mionsonraithe agus is féidir ionas go gcuirfear ar ár gcumas an taifead ábhartha a shainaithint.